1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

# Miontuairiscí Chruinniú Boird de Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)

**Dáta:** 20 Bealtaine 2024
**Am:** 4:30 pm
**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL & MS Teams

**I láthair:**
An Clr Charlie O'Connor (An Cathaoirleach), Colm Kilgallon, Daneve Harris, Claire Markey, An Clr Brigid Manton, An Clr Michael Clark, An Clr Kazi Ahmed, Anne Genockey, Ken Farrell, Paul McNally, Dara Edward Fitzpatrick, An Clr Mick Duff, An Clr Siobhán Shovlin, An Clr Yvonne Collins, An Clr Pamela Kearns, An Clr Cathal Boland.
**Leithscéalta:** An Clr John Walsh, Susan Duffy, An Clr Kate Ruddock.
**As láthair:** An Clr Pamela Conroy

**I láthair:**
Caitríona Murphy, POF; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna, Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Claire Keane, Rialachas; Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta (CP) don Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach (FCS); Treacy Byrne, Oifigeach Foirgneamh, Ross Lynam, Oifigeach Foirgneamh agus Máiréad Walsh, POC Gníomhach, Airgeadas.

**Cáipéisíocht:**
Uaslódáilte go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, an Comhairleoir Charlie O'Connor, fáilte roimh chách chuig an gcruinniú.

1. **Leithscéalta/Comhbhrón**
   Gabhadh comhbhrón le teaghlaigh uile na mball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo le mí anuas agus bhí nóiméad ciúnais ann.

2. **Dearbhú Coinbhleachta Leasa**
   Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

3. **Nithe le haghaidh Rún an Bhoird**

**3.1 Miontuairiscí**
Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe a bhí roimhe seo ar 25 Márta 2024 le leasú déanta ar alt 3.3.
**Molta:** Ken Farrell, **Cuidithe:** An Clr Mick Duff

**3.2 Tuarascáil Bhliantúil agus Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh**
Chuir Paul Turner Tuarascáil Bhliantúil 2023 BOOÁCDL faoi bhráid an Bhoird agus faomhadh é.

**Molta:** Claire Markey, **Cuidithe:** An Clr Kazi Ahmed

Chuir Paul Turner Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh faoi bhráid an Bhoird agus faomhadh é.
**Molta:** An Clr Mick Duff, **Cuidithe:** An Clr Yvonne Collins

**3.3 Faomhadh Léasanna**

1. Athnuachan ar an léas nua don Ionad Seirbhísí Óige agus Oideachais, 10 mbliana ó Iúil 2024 go dtí Iúil 2034
   Aonad 1A Eastát Tionsclaíochta Weatherwell, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
   **Molta:** An Clr Pamela Kearns, **Cuidithe:** An Clr Charlie O'Connor.

2. Ceadú léasa siardhátaithe Eanáir 2018-Nollaig 2025. Aonad 2, Leibhéal 5 Lár Bhaile Dhún Droma, Dún Droma, Baile Átha Cliath 16.
   **Molta:** Claire Markey, **Cuidithe:** Anne Genockey.

3. Faomhadh léasa amháin sa Plaza, Sord, faoi láthair tá dhá léas againn, tá ceann amháin ar urlár na talún ar tí éaga, agus tá an ceann eile ar urlár 1 agus 2, tá tréimhse 10 mbliana ar an léas don fhoirgneamh.
   **Molta:** Colm Kilgallon, **Cuidithe:** An Clr Kazi Ahmed.

**3.4 Iarratas Iasachta**

Ceadaíodh síneadh ama le hiasacht Paddy Lavelle chuig an BOOÉ go dtí Meán Fómhair 2025.
**Molta:** An Clr Charlie O'Connor, **Cuidithe:** An Clr Mick Duff

D'aontaigh an Bord go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an Roinn Oideachais ar a son, is go leagfaí béim ar an tsárobair atá déanta ag Caitríona Murphy ar son na heagraíochta ó ceapadh í sa ról mar Phríomhfheidhmeannach agus go léireoidís a gcuid tacaíochta do Chaitríona fanacht ina post mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach.

**3.5 Ceapacháin Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta**

D'fhaomh an Bord ceapachán Mick Duff i ról an phatrúin ainmnithe do Bhord Bainistíochta Phobalscoil Náisiúnta an Mhóinéir Leathain.
**Molta:** Claire Markey, **Cuidithe:** Ken Farrell

Rinneadh ceartúchán maidir le ceapachán Ann Graves i ról an ionadaí phobail ag an gcruinniú boird deireanach i mí an Mhárta. Ní cheaptar ionadaithe pobail ón mbord BOO seo ach ó bhord bainistíochta na scoile féin.
Ceapachán Ken Farrell mar Ionadaí BOOÁCDL chuig bord bainistíochta Scoil Chormaic CNS.
**Molta:** An Clr Mick Duff, **Cuidithe:** Ken Farrell

Ceapachán an Clr Mick Duff mar Ionadaí BOOÁCDL chun bord bainistíochta Chrannóg Nua.
**Molta:** Claire Markey, **Cuidithe:** Ken Farrell

**3.6 Rótharraingt**

D'aontaigh an Bord go ndéanfadh an Feidhmeannas iarratas chuig an roinn maidir le saoráid rótharraingthe €10 milliún.
**Molta:** Claire Markey, **Cuidithe:** An Clr Pamela Kearns

**4 Nithe le tabhairt faoi deara ag an mBord**

**4.1.** Ciorcláin – Tugtha ar Aird
Litreacha - Tugtha ar Aird

**5 Nithe a Chuir an Feidhmeannas Isteach**

**5.1 Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh**

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh don Bhord - Bealtaine 2024**

Gabhaim buíochas libh ar fad as a bheith anseo inniu. Tá roinnt mhaith ábhar le plé againn inniu.

Agus muid ag druidim le deireadh na bliana acadúla seo agus chuig deireadh ré an Bhoird seo, tá buiséad de thart ar 300 milliún euro ag BOOÁCDL, 4,500 ball foirne, timpeall ar 80,000 foghlaimeoir agus níos mó ná 100 foirgneamh. Léiríonn an tuarascáil bhliantúil fás, fás a ndearna sibh maoirseacht air, chuidigh sibh leis an rath agus thacaigh sibh leis na freagrachtaí i leith rialachais agus maoirseachta a bhaineann le heagraíocht ar an méid s'againne. Ba mhaith liom mo mhíle buíochais a ghabháil le gach aon duine agaibh as an gcúnamh agus tacaíocht a thug sibh do BOOÁCDL.

Inniu, teastaíonn uainn roinnt dea-scéala agus dúshlán atá romhainn a bhfuilimid ag obair orthu a roinnt libh. Níl uainn ach go leanfaidh sibh ar aghaidh a bheith ar fáil le haghaidh aon agallamh más féidir agus nach gcuirfear deireadh leis an mBord seo go dtí go bhfuil Bord nua ceaptha ina áit.

Tá súil agam go bhfillfidh cuid agaibh an bhliain seo chugainn, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach aon duine agaibh as bhur gcuid oibre agus tacaíochta ar son BOOÁCDL - is mór againn é.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gcúigear cathaoirleach a chaith tréimhse sa ról seo - John Walsh, Daneve Harris, Joe Newman, Claire Markey agus Charlie O'Connor.

Daoibhse atá anseo, tá císte againn do Charlie in ómós don tréimhse atá caite aige ar an mBord seo.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Cuimhnímid ar Gerry McGuire inniu freisin.

Tháinig mé isteach chuig BOOÁCDL díreach i ndiaidh don Bhord seo bunú - bhí ról an Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna agam ag an am agus chaith mé nach mór 4 bliana ag obair libh mar Phríomhfheidhmeannach (PF) ar an eagraíocht bhreá seo. D'imigh an t-am go tapa agus ba mhór an onóir dom a bheith ag obair in éineacht libhse ar fad agus leis an CSF – Mar sin, ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil leis na Stiúrthóirí Nichola, Siobhán, Paul agus Mark. Agus chomh maith leis sin, le comhaltaí eile ab CSF, lena n-áirítear Adrian Flynn agus Debbie Howlett agus do thréimhse níos giorra Trevor Moore agus Noel Kelly. Táim go mór faoi chomaoin ag an bhfoireann rialachais - Thea, Claire agus Emma. Agus na POCanna chomh maith.

Gabhaim buíochas leis na coistí CIR agus Airgeadais. Áirítear i measc na mball Colm Kilgallon, Claire Markey, Catherine Bruen, Catherine Doran, Gillian Doherty, Alan Connolly, Aine Murphy, Cathal Boland, Michael Clarke agus Daneve Harris.

**<u>Stiúrthóir Scoileanna – Bunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Seirbhísí Óige</u>**

**Pobalscoileanna Náisiúnta**

Beidh Comhdháil Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí na Scoileanna Náisiúnta Pobail ar siúl ar an 23 agus an 24 Bealtaine in Óstán an Midlands Park, Port Laoise. Beidh gach Scoil Náisiúnta Phobail, gach Scoil Náisiúnta Speisialta agus gach scoil ospidéil i láthair. Ag an gcomhdháil, díreofar ar

- Éiteas i nGníomh
- Timpeallachtaí Scoile Ionchuimisitheacha a sholáthar do Dhaltaí LADTA+,
- ceist an reiligiúin agus creidimh i scoileanna BOO,
- OSPS agus Cumhdach Leanaí i scoileanna Speisialta agus scoileanna Príomhshrutha,
- Beartas RSO agus
- An Pobal a Chumhachtú i Scoileanna Náisiúnta Pobail. Beidh gach Scoil Náisiúnta Phobail, gach Scoil Náisiúnta Speisialta agus gach scoil ospidéil i láthair.

Tá oiliúint tosaithe don Churaclam nua Matamaitice i ngach scoil, le scoileanna ag dúnadh ar feadh lá amháin le haghaidh oiliúna ar scoil / cnuaslá do gach múinteoir. Fuair príomhoidí tacaíocht trí mheascán d'oiliúint ar líne agus rochtain ar threoracha curaclaim i bhfoirm clinicí ar líne agus tacaíocht intí ón Stiúrthóir scoileanna. Leanfar leis an tacaíocht seo le béim á leagan ar Mheasúnú sa chéad bhliain acadúil eile.

Cuireadh tús le hearcú do gach scoil agus thart ar 100 post do scoileanna príomhshrutha, speisialta, RSO le líonadh sna míonna atá le teacht.

Tá an leithdháileadh le haghaidh poist bhreise do scoileanna speisialta i bhfeidhm anois. Mar thoradh air seo, beidh poist bhreise riaracháin Teagmhálaithe Ainmnithe ar fáil do Scoileanna Speisialta, chomh maith le huaireanta comhoibrithe do mhúinteoirí iar-bhunscoile i scoileanna speisialta.

Leanann Stiúrthóirí Scoileanna de bheith ag plé le Príomhoidí chun tacú le cruinnithe rialta, cuairteanna aonair ar scoileanna chomh maith le hoiliúint a sholáthar ag leibhéal BOOÉ do na Pobalscoileanna Náisiúnta, scoileanna ardtacaíochta agus coinneála agus scoileanna ospidéil.

**Seirbhísí Óige**
**Glúin an Cheoil Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin**

Beidh BOOÁCDL mar chomhpháirtí don chlár seo, le tosú i mí Lúnasa 2024. Ceapadh Oifigeach Forbartha Ceoil nua le déanaí chun an clár seo a mhúscailt arís agus tosófar leis sna seachtainí atá romhainn.

**Áirítear sna deontais a bronnadh ó thús na bliana:**

- TISAÓ (Tionscnamh Infhostaitheachta Spriocdhírithe don Aos Óg)
- Deontas Athléimneachta agus Éifeachtachta
- Scéim Tacaíochta um Imeascadh na nÚcránach
- Scéim Deontais Chlub Óige Áitiúil
- Seal 2 UBU R1 agus R2

Is tionscnamh **Athléimneachta agus Éifeachtachta** é de chuid thionscnamh UBU D'Áit Do Spás a thacaíonn le hEagraíochtaí atá maoinithe ag UBU chun seirbhís níos éifeachtúla agus níos cuimsithí a sholáthar do dhaoine óga, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil go leor athléimneachta acu feidhmiú go héifeachtacht sa tréimhse mheántéarmach agus fhadtéarmach.
Dearadh an Tionscnamh Athléimneachta agus Éifeachtachta UBU chun dul i ngleic le saincheisteanna nó ábhair bhuartha atá laistigh d'Eagraíochtaí Cistithe ar leith, cé acu dul i ngleic le dúshláin airgeadais leanúnacha nó soláthar seirbhísí do dhaoine óga a mhéadú.

Tá an Tionscnamh oscailte d'Eagraíochtaí Cistithe amháin faoi UBU D'Áit Do Spás atá ag obair go díreach le daoine óga. Tagraíonn sé seo d'eagraíochtaí cistithe a fhaigheann cistiú Shnáithe A, fiú má tá cistiú ó shnáitheanna eile á fháil acu chomh maith.

**Is iad seo a leanas na heagraíochtaí rathúla i réigiún BOOÁCDL:**

| **Tionscadal** |
|---|
| Fine Gall - Foróige Átha Cliath an Chósta Thuaidh |
| Fine Gall - Remember Us |
| Dún Laoghaire - Ráth an Dúin (DLRD) - Foróige an Teampaill Ghil |
| DLRD - Cuala |

**TISAÓ -** Ag eascairt as an Tionscnamh Infhostaitheachta Spriocdhírithe nua don Aos Óg 2021-2022, tá Measúnú coimisiúnaithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun an TISAÓ a mheas i gcomhthéacs aidhmeanna agus spriocanna na scéime. Ba í aidhm an Mheasúnaithe ná na próisis,

cleachtais agus na cineálacha idirghabhála sna cláir a soláthraíodh faoin tionscnamh a mheas chun éifeachtacht na n-imeachtaí agus gníomhaíochta i ndearadh na scéime a chinntiú.

Chuir an Measúnú in iúl don Roinn cé chomh hoiriúnach is a bhí an tionscnamh seo mar mheicníocht tacaíochta chun scileanna infhostaitheachta an spriocghrúpa óige seo a fheabhsú agus cé chomh héifeachtach is a bhí an tionscnamh maidir le cur go dearfach le forbairt bealaí i dtreo deiseanna oideachais, oiliúna agus fostaíochta. Don tionscnamh seo, cuirtear síos ar Infhostaitheacht mar: *"an cumas obair shásúil a fháil agus a choinneáil."*

I ndiaidh iomaíocht oscailte, ba iad seo a leanas na heagraíochta ar éirigh leo:

| **Tionscadal** |
|---|
| Seirbhís Óige CrossCare Dhún Droma Ráth an Dúin |
| Foróige Thamhlachta |

**An Ciste um Imeascadh na nÚcránach**

| **Tionscadal** |
|---|
| DLRD - Seirbhís Óige Crosscare Dhún Droma Ráth an Dúin |
| DLRD - Cuala |
| Baile Átha Cliath Theas (BÁCT) – Baile Rónáin |
| BÁCT – Naomh Caoimhín |
| BÁCT – YMCA |
| Fine Gall – Seirbhísí Óige Bhaile Bhlainséir |
| Club fichille Bhaile Bhlainséir |

Úsáidfear airgead DLRD le haghaidh tacaíocht oibrithe for-rochtana le cabhrú/tacú le hÚcránaigh óga idir 10-24 bliain teacht ar sheirbhísí óige/agus seirbhísí eile ina gceantar. Tá na seirbhísí seo nasctha leis an CSLDÓ (Coiste Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga) toisc go bhfuil cistiú acu do thacaíochtaí le haghaidh clann a úsáideann an tSeirbhís Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (SCCI), rud a chinntíonn go bhfaigheann gach duine óg sa chóras inimirce tacaíochtaí i réigiún BOOÁCDL.

**Dúshlán na nÓg Gníomhach**

Is clár bliantúil é gradaim Dhúshlán na nÓg Gníomhach a dtugann rannóg óg agus spóirt BOOÁCDL tacaíocht dóibh agus atá éascaithe ag eagraíochtaí oibre don óige ar fud cheantair Bhaile Átha Cliath Theas, Fhine Gall agus Dhún Laoghaire Ráth an Dúin.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

I mbliana, ghlac 252 duine óg 10-24 bliain d'aois páirt ann i réigiún BOOÁCDL. Tacaíonn Dúshlán na nÓg Gníomhach le daoine óga triail a bhaint as clár spóirt 12 sheachtain a thugann an deis dóibh páirt a ghlacadh ina oiread cineálacha spóirt agus is féidir thar na seachtainí.

Bhí an t-imeacht ar siúl ar an 15 Bealtaine in Ionad Spóirt Bhaile Chóilín. Bhí 220 duine óg i láthair. Ghlac 28 grúpa páirt sa dúshlán thar thréimhse 12 sheachtain. D'éascaigh oibrithe don óige sna tionscadail óige é seo. I mbliana, ghlac Ógtheagmháil na Prióireachta páirt chomh maith, an chéad bhliain d'ionad Ógtheagmhála.

**Plean Forbartha don Obair Óige**

Tá tromlach na gcomhairliúchán le daoine óga, oibrithe agus bainisteoirí don óige don taighde a tosaíodh in Eanáir 2024 críochnaithe anois. Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh againn maidir le comhairliúcháin le roinnt grúpaí spriocdhírithe nach bhfuil teagmháil déanta againn leo fós. Tá réamhbhailiú sonraí déanta againn anois agus táimid i mbun tuarascáil a cheapadh.

Roinnt de na príomhfhíricí ag teacht ón taighde go dtí seo:

Tá na toghcheantair atá againn i réigiún ÁCDL ag athrú, agus in go leor cásanna tá níos lú ceantar faoi mhíbhuntáiste imeallach/trom, de bharr méaduithe sa tithíocht i roinnt ceantar m.sh. Baile Bhlainséir, Cluain Dolcáin. Tá an méadú i dtithíocht phríobháideach ag cur as do mhiondealú an daonra.

Áirítear sna topaicí le haghaidh tuilleadh fiosruithe –

- cailíní óga atá buartha faoi ghnéaschiapadh agus imeaglú ó fhir (piaraí agus fir eile)
- Vápáil
- Íomhá coirp, na meáin shóisialta, ag ligean orm gur duine éigin eile atá ionam (cailíní agus buachaillí óga)
- I ngach ceann de na trí cheantar bhardasacha - ba phríomhthosaíocht é spásanna/áiseanna a bheith ar fáil – go háirithe spásanna sábháilte a chuirfidh ar chumas grúpaí teacht le chéile go sóisialta.
- I ngach ceann de na trí cheantar – luadh strus agus scoil go minic – tagann an strus a bhíonn ar dhaoine óga ó rudaí a bhaineann leis an scoil (scrúduithe, piaraí, brúnna, gan a bheith ar a gcompord)
- Meabharshláinte – Easpa tacaíochtaí, méadú ar imní.

Beidh an tuarascáil críochnaithe le linn an tsamhraidh.

**Stiúrthóir Scoileanna– Iarbhunscoile**

**Oiliúint Oidí Bliana**

Chuir BOOÁCDL clár oiliúna nua ar fáil i mbliana dár gcohórt Meáncheannaireachta, ina ndírítear ar ról an Oide Bliana go sonrach. Bhí ceithre sheisiún i gceist, éascaithe ag láithreoirí inmheánacha agus seachtracha, ach iad ar fad eagraithe agus á mbainistiú ag ár bhFoireann Forbartha. Ghlac gach aon cheann de na 31 iar-bhunscoil páirt ann, le 32 Oide Bliana san iomlán. Ba chlár an-dearfach é seo, le haiseolas iontach, a chuirfidh leis na deiseanna leathana FGL atá againn do mhúinteoirí agus meáncheannairí.

**Ceardlann Nuashonruithe Dlíthiúla**
D'óstálamar Ceardlann Eolais Dhlíthiúil de chuid BOOÉ le déanaí, a bhí éascaithe ag Aonad Tacaíochta Seirbhísí Dlí (ATSD) de chuid BOOÉ. D'fhreastail an-chuid dár bpríomhoidí sinsearacha air, mar go gcuireann sé an t-eolas tábhachtach is déanaí agus tacaíochtaí tábhachtacha i réimsí éagsúla ar fáil.
Ceann de phríomhghnéithe na Ceardlainne seo ná eolas a thabhairt do scoileanna maidir lena bPolasaithe Iontrála agus táimid ag obair faoi láthair lenár scoileanna féin chun a dteimpléid Iontrála a nuashonrú, rud a chinnteoidh go bhfuil siad ag cloí leis an reachtaíocht.

**Ceardlanna Ghuth agus Rannpháirtíocht an Scoláire**
Ag baint leas as guth an scoláire laistigh dár scoileanna agus é chur chun cinn, tá sé ríthábhachtach go gcinntímid go bhfuilimid ag freastal ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí. Ar an ábhar seo, d'fhorbraíomar clár ceardlainne Ghuth agus Rannpháirtíocht an Scoláire. Le dhá mhí anuas, reáchtálamar 6 cinn de na ceardlanna seo, arna n-óstáil ag Coláiste de hÍde, CP Pháirc Bhaile Choilín, CP Theach na Giúise, CP Bhaile Lotrail, CP na Sceirí agus CP Shoird.

Ghlac 29 ceann dár scoileanna páirt sna ceardlanna seo. Ghlac 275 dalta páirt san oiliúint ar Scileanna Cumarsáide agus phléigh siad an bhrí a bhaineann le Guth an Scoláire dóibh féin, an chuma atá air ina scoileanna agus an chuma ar mhaith leo a bheith air sa todhchaí. D'fhreastail 40 múinteoir chomh maith, mar chomhordaitheoirí Ghuth an Scoláire.

Is clár ar leith é seo atá á reáchtáil ag BOOÁCDL, atá fíorthábhachtach dúinn. Comhghairdeas le Marise agus leis an bhFoireann Forbartha as an gclár seo a eagrú.

**Lámhleabhar agus Oiliúint an Bhoird Bhainistíochta**
Tá an Stiúrthóir Scoileanna ag obair faoi láthair le BOOÉ maidir le pacáiste oiliúna do na Boird Bhainistíochta nua, nuair a chruthófar iad san Fhómhar. Reáchtálfar an oiliúint seo thar thréimhse dhá bhliain, agus déileálfaidh sí le gnéithe ríthábhachtacha d'obair na mBord, lena n-áirítear Polasaithe Iontrála, Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí, Tuairisciú Frithbhulaíochta agus Nósanna Imeachta Díbeartha. Cuirfimid a thuilleadh i láthair ar an ábhar seo sa bhliain acadúil nua.

**Stiúrthóir BrOO**

**Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna BOOÁCDL**

- Cuireadh Réamhchás Gnó cuimsitheach isteach ar an 12 Eanáir, 2024 lena meas ag SOLAS. D'inis SOLAS le BOOÁCDL nach bhfuil go leor cistithe ann chun costas an 12 thionscnamh trasna na tíre a chlúdach. Tugadh cuireadh do BOOÁCDL "tionscadal tosaíochta" a chur faoi bhráid SOLAS, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ar an 2 Bealtaine 2024.

**Cruinniú Faisnéise don Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPA), RBATNE agus SOLAS**

- D'óstáil BOOÁCDL seisiún eolais ar Bhreisoideachas agus Oiliúint (BrOO) in BOOÁCDL le grúpa ón RCPSPA, RBATNE agus SOLAS ar an 1 Bealtaine 2024.

**Printíseacht Meicneora Aerárthaí-an tAerchór**

- D'iarr SOLAS ar BOOÁCDL dul i mbun cainte leis an Aerchór i mBaile Dhónaill chun an Phrintíseacht Meicneora Aerárthaí a chur ar ais sa chóras printíseachta reachtúil. Thosaigh an próiseas seo ar an 16 Bealtaine 2024

**Conarthaí Oideora Aosaigh a Athrú**

- Tá obair ar bun chun deis thabhairt do thart ar 200 teagascóir i BOO athrú chuig conarthaí nua de réir comhaontú.

**Maoiniú BrOO**

- Iarratas ar Leithdháileadh Maoinithe agus cás gnó do 2024 curtha isteach.
- Féach an méid iniata maidir le cur chuige nua i leith maoiniú atá in úsáid ag SOLAS.

**<u>Stiúrthóir TFE</u>**

De réir an Chóid Cleachtais um Rialachas BOOanna, tá na foirmeacha féinmheasúnaithe bliantúla ábhartha comhlánaithe ag comhaltaí an bhoird, an CIR agus an choiste airgeadais. Tá achoimre ar thorthaí an fhéinmheasúnaithe faighte ag Cathaoirleach an Bhoird, an CIR agus ag an gCoiste Airgeadais. Tá mé ag súil le bheith ag obair leis na Cathaoirligh maidir le cur chun feidhme aon ghníomh is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an phróisis seo.

Ó thaobh Rialachais de, cuireadh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi bhráid na Roinne Oideachais ar 1 Aibreán 2024. Agus Ráitis Airgeadais agus Cuntais 2021 a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais á meas, thug an Coiste um Chuntais Phoiblí faoi deara gur thug an A&CC aird ar neamhchomhlíonadh treoirlínte soláthair phoiblí agus tá tuarascáil mhionsonraithe iarrtha.

Beidh cruinniú comhpháirteach á reáchtáil leis an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchta agus Riosca ar an 22 Bealtaine. Ritheadh ár gcruinniú Rialachais inmheánaigh ar an 8 Aibreán agus an 13 Bealtaine. Tá iniúchadh ar bun faoi láthair ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) ar ár Soláthraithe Sainoiliúna (SS) agus ar Sheirbhísí Óige. Tá iniúchadh ar chuntais 2022 críochnaithe ag an A&CC agus tá tús curtha acu le hiniúchadh ar chuntais 2023. Athbhreithniú ar chlár riosca R1 atá sceidealaithe don 29 Aibreán. Níl aon athrú go fóill ar an rátáil riosca chibearshlándála, ár bpríomhriosca, cé go bhfuilimid i ndiaidh an rátáil riosca maidir le cúrsaí airgeadais a laghdú mar thoradh ar bhearta maolaithe sa réimse seo lena n-áirítear oifigeach maoirseachta airgeadais nua a earcú agus próisis oibre nuashonraithe. Ní raibh athrú ar bith ar aon riosca eile.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Don bhliain 2024, tá cur chuige nua ag SOLAS i mbliana maidir le maoiniú BrOO i.e. leithdháileadh de chuid "leithdháileadh tosaigh molta" agus "leithdháileadh barrmhaith molta". Ar an 3 Bealtaine 2024, fuair BOOÁCDL ár leithdháileadh maoinithe do 2024 ó SOLAS. Is staid dhúshlánach airgeadais í do 2024, agus gach rud á chur san áireamh, is mian linn, ar a laghad is féidir, leibhéal gníomhaíochta BrOO a choimeád i mbliana ar an leibhéal a cuireadh ar fáil in 2023. B'ionann caiteachas BrOO in 2023 agus €82.5 milliún. Tá leithdháileadh tosaigh €84.252 milliún agus leithdháileadh barrmhaith €89.953 milliún faighte againn. De bharr leathnú BrOO in BOOÁCDL in 2022 agus 2023, tá sé ar intinn againn a bheith ag obair i dtreo Leithdháileadh Barrmhaith de €89.9M.

Rachaidh SOLAS i dteagmháil le BOOÁCDL i gcaitheamh na bliana ós rud é go mbíonn cistiú forlíontach á lorg chun dáileadh iomláin nó cuid den leithdháileadh barrmhaith a éascú. Ar bhonn míosúil, déanfaimid athbhreithniú ar an gcaiteachas reatha in aghaidh an bhuiséid chun an leibhéal de sholáthar is féidir linn a chur ar fáil a chinntiú. Laghdóidh an cur chuige seo an chontúirt go mbeadh easnamh sa bhuiséad.

Tá ainmniúcháin ár n-ionadaithe foirne do bhord nua BOOÁCDL dúnta anois. Ba mhaith liom a chur in iúl daoibh go bhfuil 2 ainmniúchán faighte againn le haghaidh Ionadaithe Foirne do Bhord BOOÁCDL, Fear amháin agus Bean amháin. I ndáil leis seo, ní reáchtálfar an toghchán a bhí le reáchtáil ar 31 Bealtaine. Toghadh na baill foirne seo a leanas le suí ar an mBord nua ó Lúnasa 2024:

Dara Fitzpatrick – Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh
Charlotte O'Donovan - Coláiste Pobail Ráth Dara

Tréaslaímid le Dara agus le Charlotte as a bheith tofa.

Is é Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (ar a dtugtaí Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí-bunscoil) an t-aon chumann náisiúnta tuismitheoirí atá aitheanta ag an Aire Oideachais faoi Alt 2 den Acht Oideachais, 1998. D'iarr siad orainn bhur n-aird a dhíriú, arna iarraidh don Roinn, go bhfuil síneadh curtha lena shainchúram chun tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile araon.

D'fhreastail BOOÁCDL ar chruinniú bliantúil an Chomhaontaithe um Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais ar an 13 Bealtaine. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Charlie O'Connor agus Catherine Bruen, ball den Choiste Airgeadais, as freastal ar an gcruinniú agus a rannchuidiú luachmhar. Bhí an cruinniú seo dírithe ar ár bpríomhspriocanna insoláthartha in 2023 agus 2024, obair Choiste Airgeadais BOOÁCDL, bainistiú riosca, ráiteas um rialuithe inmheánacha, soláthar agus Rialachas ginearálta an Bhoird. Le linn an chruinnithe seo, leagamar béim ar mhéid agus scála ár gcuid seirbhísí agus ar an gá atá ann le hacmhainní breise chun tacú le fás leanúnach. Ba chruinniú an-dearfach é agus tá cóip den chur i láthair a rinneadh le fáil i bhfillteán Sharepoint an Bhoird.

Le linn chruinniú an Chomhaontaithe um Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta, d'ardaíomar ceist na n-íocaíochtaí maidir le hullmhú do bhoird agallaimh. Tá BOOÉ ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar an tionchar d'fhonn aighneacht iomlán a chur chuig an RCPSPA.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) IPB Insurance 2024 in Óstán Gibson, Cearnóg an Phointe, An Duga Thuaidh Baile Átha Cliath, D01X2P2, ar Aoine an 3 Bealtaine 2024, ar a dó dhéag a chlog, meán lae.

Is díol sásaimh don Roinn Oideachais a dheimhniú go bhfuil láithreán úrnua thart ar 1.5 acra ceannaithe i mBaile an Fhoraistéaraigh i Sord chun suíomh buan a sholáthair do Phobalscoil Náisiúnta Ghleann na hAbhann. Cuirfear Scoil Náisiúnta Phobail Ghleann na hAbhann ar fáil faoi chlár ADAPT 4 na Roinne. Tá sé molta bunscoil 8 seomra ranga a chur ar fáil chomh maith le dhá sheomra ranga do pháistí le riachtanais speisialta oideachais. Tá bainisteoir tionscadail sannta don tionscadal seo.

Tá litreacha intinne faighte againn do Choláiste Pobail an Ghrífín, Coláiste Pobail Fóla agus Coláiste Cillian Chluain Dolcáin. Is dea-scéala é seo agus tá fáilte mhór roimhe. Táimid ag tnúth go mór le deimhniú a fháil ar thionscadail eile scoile.

Táimid i mbun cainte faoi láthair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas (CCÁCT) maidir le píosa talún i Ráth Fearnáin atá faoi úinéireacht BOOÁCDL. Tá CCÁCT ag iarraidh tithe a thógáil do sheanóirí ar an talamh seo.

Lorgaíomar comhairle ó BOOÉ maidir le post ballraíochta an bhoird agallaimh ar an 7 Meitheamh. Cé is moite de phoist freagrachta (PF), is féidir le baill an Bhoird leanúint le páirt a ghlacadh ar bhoird agallaimh go dtí go bhfuil Bord nua BOOÁCDL curtha ar bun.

D'fhreastail BOOÁCDL ar an gcomhdháil Sóisialta agus Rialachais Comhshaoil (SRC) i bPáirc an Chrócaigh ar an 30 Aibreán.

Go raibh maith agaibh as Tuarascáil Bhliantúil 2023 a fhaomhadh. Cuirfear é faoi bhráid na Roinne Oideachais roimh an dáta tíolactha i mí an Mheithimh.

Ba mhaith linn gach rath a ghuí ar ár ndaltaí agus foghlaimeoirí ar fad a bheidh ag tabhairt faoi scrúduithe go luath.

Tá BOOÁCDL ag lorg ceada ón mBord dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais chun rótharraingt de luach €10 milliún a lorg uathu. Tiocfaimid ar ais chuig an mbord le tuairisc chun dáta ar an iarratas seo.

Ba mhaith linn gach rath a ghuí ar gach ionadaí tofa ar an mBord seo sna toghcháin áitiúla atá ar na bacáin ar an 7 Meitheamh.

Go n-éirí lenár gCathaoirleach, Charlie O'Connor, agus é ag dul ar scor ón saol polaitiúil.

I ndiaidh an eolais is déanaí ón TFE, bhí an plé dírithe ar róil na mbunscoileanna a líonadh. Leantar le treoirlínte na Roinne ach tá dúshláin ann faoi láthair maidir le hearcú múinteoirí.
Chuir comhaltaí an Bhoird ábhair imní in iúl nach raibh a dhóthain acmhainní ag AD chun tabhairt faoi 400 agallamh le linn mhíonna an tsamhraidh. D'aontaigh an Bord go scríobhfaidís chuig an Roinn Oideachas ag lorg acmhainní breise do BOOÁCDL.
Pléadh úsáidí féideartha do thalamh BOOÁCDL i Ráth Fearnáin.

Pléadh an t-eolas is déanaí ó Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (ar a dtugtaí Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí-Bunscoil) maidir le hionadaíocht bhunscoile agus iar-bhunscoile.

**5.2 Tuarascáil Airgeadais**

Scaipeadh an tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord faoi deara í. Thug Mairéad Walsh an scéal is déanaí maidir le cúrsaí airgeadais.

**5.3 Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh an tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord faoi deara í. Thug Ross Lynam an t-eolas is déanaí faoin obair foirgneamh.

Bhí an plé dírithe ar chóiríocht mhodúlach Mhóin Seiscinn agus saoráidí Ráth an Deagánaigh. Rachaidh an fhoireann foirgneamh i mbun caint leantach leis na Príomhoidí faoi seach.

**5.4 Próifíl Foirne**

Ceapacháin & Arduithe Céime - tugtha faoi deara.

Ar scor - luaite.

**5.5 Clár Riosca** - luaite

**6. Nithe a Chuir an Bord Isteach**

**6.1** Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an gcuntas gníomhaíochta.

Agus é ag cur deireadh leis an gcruinniú, ghuigh an Cathaoirleach gach rath ar a chomhghleacaithe polaitiúla sna toghcháin áitiúla atá ar na bacáin. Ghabh sé buíochas leis an bPríomhfheidhmeannach as an obair iontach a rinne sí, agus ghabh sé buíochas freisin leis an bhfoireann BOOÁCDL a thug tacaíocht dó agus don Bhord le linn na 5 bliana deireanacha.

**7. An Chéad Chruinniú Eile: 17 Meitheamh 2024 @ 4.30 pm**